Gréasáin BSL Athbhreithniú

Laghdóidh feithiclí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol astaíochtaí ón bhflít de suas le 90%

Gréasáin BSL - Athbhreithniú

Athbhreithniú Oibriúcháin

Ba bhliain shuntasach í 2008 do Ghréasáin BSL. Lean na cláir infheistíochta leanúnacha chun na gréasáin Tarchuir agus Leithdháilte a leathnú agus a athnuachan, maille leis na córais TF tacaíochta, le linn na bliana. Mar pháirt de chlár infheistíochta foriomlán de €6 bhilliún le deich mbliana anuas, caitheadh tuairim is €630 milliún ar na cláir seo i 2008. Ag eascairt as an gclár infheistíochta leanúnach seo, tháinig feabhas suntasach ar leanúnachas foriomlán an tsoláthair leictreachais do chustaiméirí le roinnt blianta anuas.

Le linn 2008, sheol an gnó a straitéis Gréasáin Inbhuanaithe. Mar a bhfuil cur síos air thíos, is mórthiomantas é seo ó Ghréasáin BSL do thodhchaí na hÉireann agus gach custaiméir leictreachais.

B'ionann an brabús iarchánach do Ghréasáin agus €49 milliún, laghdú de €90 milliún ar thorthaí 2007. Áirítear le cuntais soláthar de €125 milliún (sciar Ghréasáin den lacáiste €300 milliún). Íocfaidh Gréasáin BSL an méid seo le EirGrid i 2009 agus úsáidfear é leis na táillí costais Tarchuir don mhargadh iomlán a laghdú. Socraíodh é seo leis an CRF mar pháirt de laghdú ar chostais leictreachais gach custaiméara leictreachais i 2009, in ainneoin a soláthraí.

Conas a laghdaigh clár infheistíochta Ghréasáin éaradh custaiméara?

61%

Laghdaigh éaradh custaiméara de 61% ó bhí 2002 ann



Inbhuanaithe

Le linn 2008, leag Gréasáin BSL na bloic thógála le dul chun cinn a dhéanamh ar a fhís maidir le bheith ina áirge cheannasach ó thaobh inbhuanaithe agus gréasáin chliste de.

Áirítear na tionscnaimh seo a leanas leis an straitéis inbhuanaithe nua:

- Athstruchtúrú na heagraíochta agus an struchtúir bhainistíochta chun díriú go sonrach ar inbhuanaithe;
- Fís chomhtháite ghréasán cliste a chruthú. Tá na spriocanna seo a leanas san áireamh leis an bhfís seo:
  - Comhtháthú leictreachais ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite isteach sa chóras fuinnimh;
  - Innealtóireacht ghréasáin leictreachais níos cliste;
  - Méadrú cliste a bhunú ar fud na hÉireann; agus
  - Tacaíocht do bhonneagar feithiclí leictreachais;
- Tionscadal tiomnaithe mhéadrú cliste a bhunú. Le linn 2008 chuir Gréasáin BSL tús rathúil le tástáil ar iompraíocht custaiméirí agus ar theicneolaíocht an mhéadraithe chliste. Tá an tionscadal seo ag bogadh ar aghaidh de réir an sceidil agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2011;
- Forbairt ar thionscnamh micrighiniúna chun an margadh inbhuanaithe seo a spreagadh in Éirinn;
- Feidhmiú céimneach leanúnach chlár uathoibrithe gréasáin, obair ar líne beo agus tionscnaimh leanúnachais chun seirbhís a fheabhsú;
- Tús a chur le roinnt tionscnamh ghréasáin chliste, lena n-áirítear piolóid féin-leasaithe gréasáin, tar éis uasghrádú na gcroíchóras TF gréasáin a chríochnú agus dul chun cinn a dhéanamh ar chlár oibre comhtháite TF lenár dtionscnaimh ghréasáin chliste a thacú sa todhchaí;
- Feidhmiú céimneach dhianchlár inmheánach inbhuanaithe lenár lorg carbóin inmheánach a laghdú, lena n-áirítear tabhairt isteach feithiclí leictreachais agus bithbhreosla inár bhflít; agus
- Comhaontais straitéiseacha a fhoirmiú le hinstitiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde agus forbartha chun cabhrú le dul chun cinn na léarscáile uaillmhianaí ghréasán cliste i dtreo 2020.

Timpeallacht Margaidh atá ag Athrú

Le héifeacht ó 1 Eanáir 2009, bunaíodh Gréasáin BSL Teo mar chuideachta ar leithligh le gníomhú mar Oibreoir Chórais Leithdháilte (OCL) i bPoblacht na hÉireann.

Cé mhéad a d'ísligh praghsanna Ghréasáin ó bhí 2000 ann?

20%

Tá praghsanna agus costais Ghréasáin BSL ag laghdú le suas go 20% i dtéarmaí réadacha le deich mbliana anuas



*Ioncam Úsáid Leithdháilte an Chórais

Rinne €6 bhilliún d'infheistíocht Ghréasáin ceann de na córais leictreachais is láidre sa domhan

Roimhe seo, d'fheidhmigh Gréasáin BSL mar Rannán imfhálaithe de BSL. Is Fochuideachta faoi lánúinéireacht de BSL í an Chuideachta nua ach feidhmeoidh sí go neamhspleách ar BSL maidir lena feidhmeanna OCL, faoi réir mhaoirseacht rialachais chorparáidigh Bhord BSL.

Comhlíonann bunú Ghréasáin BSL Teo Treoir Fuinnimh an AE 2003, a léirítear i nDlí na hÉireann ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 280 de 2008. Tá sé ar intinn go gcuirfidh na socruithe nua feabhas breise ar mhuinín an mhargaidh agus gach iomaitheora tionscail as ábaltacht an OCL gníomhú go neamhspleách agus é ag déanamh cinntí maidir le hoibriú, cothabháil agus forbairt an ngréasán leithdháilte.

Áirítear le Bord Ghréasáin BSL Teo. dhá Stiúrthóirí sheachtracha: Gina Quinn (POF Chumann Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath) agus Des Geraghty (Cathaoirleach na Comhpháirtíochta Tithíochta In-Acmhainne agus iar-FPE). Beidh na socruithe faoi réir mhaoirseacht leanúnach Rialála an CRF.

Ba í 2008 an tríú bliain den Chinneadh Rialú Praghsanna Rialála reatha, ag clúdach na tréimhse ó 2006 go 2010. Cuireadh an cinneadh seo i gcrích sa bhliain 2005, tar éis don CRF athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an infheistíocht agus ar an gcaiteachas a bhí beartaithe ag Gréasáin BSL a dhéanamh thar na blianta sin.

Mar thoradh ar an athbhreithniú rinneadh laghdú substaintiúil ar ioncaim cheadaithe an ghnó thar an tréimhse cúig bliana, le tionchar dá bharr ar bhrabúis agus ar shreabhadh airgid. Mar fhreagairt air sin, chuir an gnó roinnt pleananna feabhsaithe i bhfeidhm agus tá sé ag déanamh taighde gníomhach ar thionscnaimh bhreise agus á gcur i bhfeidhm. Ina measc tá comhaontais le baill foirne maidir le níos mó solúbthachta eagraíochtúla agus laghduithe amach anseo ar an líon fostaithe.

Tháinig laghdú suntasach, i dtéarmaí réadacha, ar na táillí aonaid as úsáid an ghréasáin Leithdháilte le deich mbliana anuas. Faoi 2010, beidh praghsanna tite le suas go 20% i dtéarmaí réadacha ar aon dul le laghdú comhchosúil i gcostais oibríochta an t-aonad. Tá an laghdú praghais seo le feiceáil sna taraifí do na custaiméirí leictreachais go léir atá á bhaint amach in ainneoin chlár infheistíochta de €6 billiún thar an tréimhse chéanna.

Rachaidh an gnó i ngleic leis an CRF le linn 2009, maidir leis an gcéad tréimhse Rialú Praghsanna Rialála eile, ag clúdach na mblianta 2011 go 2015. Cinnteoidh toradh an chaidrimh ghníomhaigh seo na táillí custaiméirí do na blianta sin, chomh maith leis an leibhéal infheistíochta sna gréasáin.

Beidh tionchar suntasach ag na cúinsí eacnamaíochta reatha ar an ngnó, le héileamh laghdaithe ar leictreachais agus méideanna níos lú de cheangail nua le custaiméirí. Mar fhreagairt, tá an gnó ag déanamh athbhreithniú gníomhach ar a bhonn costais, chun a chinntiú go dtabhófar caiteachas go héifeachtúil agus go riachtanach.

Ina theannta sin, agus sa dóigh is go ndéanfar fostaíocht in Éirinn a inbhuanú, sheol Gréasáin BSL roinnt tionscnamh traenála, lena n-áirítear earcaíocht shealadach ar suas le 400 printíseach leictreachais ó FÁS, chun cur ar a gcumas a bprintíseachtaí a chríochnú.

Seachadadh Seirbhís Custaiméirí

Le linn 2008 sholáthair an plean um fheabhsú seirbhíse custaiméirí cúig bliana (2006 – 2010) fócas soiléir don ghnó. Tar éis líonta gan fasach de chustaiméirí nua a nasc le linn 2006 agus 2007, cuireadh 63,099 nasc nua i gcrích le linn 2008 agus bhí mainneachtain cairte custaiméirí ag an leibhéal is ísle riamh.

Cothaíodh agus feabhsaíodh an leibhéal seirbhíse do chustaiméirí, le seachadadh feidhmíochta feabhsaithe do sholáthraithe leictreachais sa Mhargadh Uile-Oileáin. Fuarthas freagairt a bhí 74% dearfach ónár suirbhé ar shásamh custaiméirí, rud a bhain amach an sprioc bhliantúil. Is feidhmíocht den scoth anois é feidhmíocht Ionad Náisiúnta Glaonna Ghréasáin agus tugtar aitheantas don ghnóthachtáil seo go hidirnáisiúnta.

Rinneadh feabhsúcháin shuntasacha ar sheirbhís custaiméirí i réimsí cumarsáide le custaiméirí, caidrimh le príomhghrúpaí ionadaithe custaiméirí, leanúnachas an fheidhmiúcháin soláthair trí úsáid oibriú ar líne beo agus giniúint soghluaiste. Cuirfear tuilleadh feabhsúcháin seirbhíse i bhfeidhm i 2009.

Tá BSL ag cumasú 400 printíseach leictreoir páirtcháilithe a n-oiliúint a chríochnú

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá gnó Ghréasáin BSL tiomanta de timpeallacht oibre a bheith aige atá sláintiúil agus sábháilte do bhaill foirne, do chonraitheoirí, do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Is croíluach agus bunpháirt den ghnó é sláinte agus sábháilteacht.

Trí oibriú le baill foirne, coistí sábháilteachta agus ionadaithe sábháilteachta le linn 2008, rinneadh dul chun cinn maith ar dhíriú ar an réimse tábhachtach iompraíochtaí sábháilte agus sábháilteacht fhoireannbhunaithe.

I réimse na sábháilteachta poiblí, foilsíodh Cód Cleachtais i gcomhar leis an Údarás Sláinte & Sábháilteachta dar teideal *Avoiding Danger while working near Overhead Electricity Lines*. Is céim thábhachtach chun tosaigh í seo i sábháilteacht láithreáin foirgníochta.

Le linn 2008, d'éirigh le hEagraíocht Sábháilteachta Ghréasáin BSL Deimhniú Clárúcháin a bhaint amach le caighdeán sábháilteachta OHSAS 18001:2007 Chóras Bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta Ceirde. Foirmeoidh baint amach an chaighdeáin seo bunús ár dturais i dtreo ár sprice a bhaint amach gan díobháil ar bith don fhoireann a bheith ann.

Ionchur i nGeilleagar na hÉireann

Le caiteachas bliantúil de níos mó ná €1 bhilliún, an mhórchuid de in Éirinn, tá ionchur suntasach ag Gréasáin BSL i ngeilleagar na hÉireann. Tagann ábhair agus seirbhísí a fhoinsítear in Éirinn chuig €350 milliún, sa bhreis ar íocaíocht de thuairim is €50 milliún i rátaí le hÚdaráis Áitiúla. Fostaíonn an gnó tuairim is 3,600 fostaí agus soláthraíonn sé obair do níos mó ná 1,000 conraitheoir neamhspleách, atá páirteach i dtógáil agus i gcothabháil gréasán agus i gcláir oibríochta eile ar fud na tíre.

Mar a luadh thuas, le linn 2009 reáchtáil an gnó roinnt tionscnamh fostaíochta agus oiliúna ag baint le hearcaíocht chéimithe innealtóireachta, printísigh nua agus printísigh leictreachais FAS-urraithe a chumasú lena gcáilíocht a bhaint amach.

An Todhchaí

Ag breathnú chun cinn ar 2009 agus ina dhiaidh, tá na rudaí seo leanas i measc na bpríomh-shaincheisteanna:

- Sábháilteacht. Tá an gnó tiomanta don tsábháilteacht mar phríomhluach agus leanfaidh seo ar aghaidh i 2009 agus ina dhiaidh;
- Inmharthanacht airgeadais. In ainneoin na gcúinsí eacnamaíochta reatha, caithfear stádas sláintiúil airgeadais a chothú chun go sárófar na dúshláin infheistíochta, seirbhís custaiméirí agus sábháilteachta atá i ndán don ghnó;
- Gréasáin Inbhuanaithe. Le linn 2009, leanfaidh Gréasáin BSL ar aghaidh le cur i bhfeidhm tionscnamh, ag cur san áireamh togra Mhéadair Chliste, tionscnaimh Ghréasán Chliste agus nasc giniúint gaoithe bhreise don chóras;
- Infheistíocht bonneagair. Leanfaidh uasghrádú agus leathnú an bhonneagair leictreachais atá ann cheana i 2009. Rachaidh seo chun tairbhe do gach custaiméir leictreachais, chomh maith le gníomhaíocht eacnamaíochta a éascú ar fud na tíre;
- Seirbhís custaiméirí. Tá seachadadh seirbhíse ar fheabhas do chustaiméirí agus baint amach na spriocanna dúshlánacha maidir le seirbhís custaiméirí go fóill ina phríomhsprioc ag an ngnó do 2009; agus
- Is príomhsprioc straitéiseach de chuid an ghnó é go mbainfear amach na spriocanna rialála reatha agus go n-ullmhófar don chéad ghleic Rialú Praghsanna Rialála eile.